

## Teideal: Tuarascáil Eurojust maidir le Gáinneáil ar Dhrugaí – Eispéiris agus dúshláin sa chomhar breithiúnach

Dáta:

13.04.2021

- Tá an gháinneáil ar dhrugaí fós ina **margadh an-bhrabúsach** ar fud an domhain, agus meastar go bhfuil luach **EUR 30 billiún** ag baint leis in aghaidh na bliana san Aontas Eorpach amháin. Bíonn iarmhairtí móra ag an tionchar foriomlán ar shochaithe – maidir le cúram sláinte, rialachas, eacnamaíocht agus réimsí eile a n-imrítear tionchar indíreach orthu. Baineann an tionchar sin freisin le húdaráis fhorfheidhmithe dlí agus le húdaráis bhreithiúnacha, ar údaráis iad atá faoi bhrú mór ag an méadú géar atá tagtha ar líon na gcásanna gáinneála ar dhrugaí. Bíonn deacracht ag go leor Ballstát AE ag acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh ar an gcomhrac i gcoinne grúpaí coireachta eagraithe atá an-solúbtha agus iad ag gníomhú thar theorainneacha.
- Ina theannta sin, baineann líonraí eagraithe coiriúla atá ag feidhmiú san Eoraip tairbhe as teorainneacha oscailte agus baineann siad leas as castacht an iliomad creat dlíthiúil éagsúil san AE. Chun gníomhú go héifeachtach i gcoinne na gcúinsí sin, comhoibríonn **údaráis bhreithiúnacha** san AE agus lasmuigh de **go rathúil** – le tacaíocht ó **Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust)**. Is dócha go mbeidh méadú breise ar líon na dtarchur chuig Eurojust sna blianta atá amach romhainn agus ba cheart iad a chur san áireamh agus pleanáil á déanamh.
- Sa tuarascáil seo breathnaítear ar **eispéiris** agus **dúshláin** a bhaineann leis an gcomhar breithiúnach maidir leis an gcomhrac i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí. Sa **mhodheolaíocht** a úsáideadh rinneadh rogha cásanna oiriúnacha a shainaithint agus a anailísiú, bunaithe ar an taithí phraiticiúil a fuarthas trí thacaíocht na gníomhaireachta do chásobair gháinneála ar dhrugaí idir 2017 agus 2020 (1 838 cás). Tá an anailís chásóibre seo struchtúrtha i sé chaibidil.
- Léirítear sa tuarascáil an cúnamh a thugann Eurojust chun na dúshláin a bhaineann le seacht n-ábhar a thagann chun cinn go minic a shárú, mar atá: Substaintí Sícihníomhacha nua (NPS) agus (réamh-)réamhtheachtaithe, comhar le tíortha neamh-AE (comhaontuithe comhair, pointí teagmhála agus comhar neamhfhoirmiúil), seachadtaí rialaithe, coinbhleacht dlínse, imscrúdú airgeadais, rianú agus aisghabháil sócmhainní, an tOrdú Imscrúdaithe Eorpach agus gáinneáil ar dhrugaí i dtimpeallacht dhigiteach.
- Bunaithe ar an anailís sin agus ar thaithí Eurojust ar chomhar breithiúnach sa réimse, moltar agus leagtar amach sa tuarascáil **dea-chleachtais** le haghaidh imscrúduithe trasteorann. Tá **conclúidí** agus **moltaí** inti ar féidir achoimre a dhéanamh orthu mar seo a leanas.
  - Ba chóir leanúint le **hiarrachtaí an AE dul i ngleic leis na dúshláin dhlíthiúla** maidir le **NPS (Substaintí Sícihníomhacha Nua)** agus réamhtheachtaithe **agus iad a threisiú**. Chomh fada agus a bheidh dúshláin oibríochtúla fós os comhair na n-údarás breithiúnach, is é Eurojust an eagraíocht cheart chun tacú leis na breithiúna.
  - Tá an-tairbhe ag baint le comhar leanúnach agus treisithe le tíortha neamh-AE trí Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh de chuid Eurojust, Pointí Teagmhála agus Líonraí nó modhanna eile i mórán cásanna a bhaineann le gáinneáil ar dhrugaí, rud a léiríonn **acmhainneacht bhreise shoiléir maidir le himscrúduithe náisiúnta**. I gcomhréir le straitéis aontais slándála AE le déanaí agus le straitéis nua drugaí AE 2021-2025, is díol sásaimh do Eurojust an aidhm i ndáil le comhar le tíortha neamh-AE a chothú agus a fheabhsú agus tacaíonn sé go láidir leis sin, mar shampla trí thuilleadh comhaontuithe comhair a thabhairt i gcrích, líonra na bPointí Teagmhála a leathnú, agus comhar a leathnú le hinstiúidí, gníomhaireachtaí agus líonraí eile.

- D'fhéadfadh luach breise ar leith a bheith ag gabháil le cúnamh Eurojust i gcásanna **seachadta rialaithe trasteorann** chun cabhrú le húdaráis náisiúnta bhreithiúnacha bacainní a eascraíonn as tírdhreach dlíthiúil ilroinnte na hEorpa a shárú, bacainní nach mór a chur san áireamh roimh agus le linn chur i bhfeidhm seachadta rialaithe. Ba chóir **comhchuibhiú níos fearr** agus **rialáil shonrach ar an mbeart imscrúdaitheach seo ar an leibhéal AE** a mheas chun comhar breithiúnach a éascú sa réimse seo.
- Chun iarmhairtí diúltacha a sheachaint in imscrúduithe comhthreomhara, amhail ceisteanna *ne bis in idem*, cuireann Eurojust a shaineolas ar fáil i gcásanna ina bhféadfadh **coinbhleacht dlínsí** a bheith ann. I gcásanna áirithe, d'fhéadfaí a mheas gur rogha luachmhar é **moladh comhpháirteach (nó iarratas comhpháirteach)** ar féidir é a úsáid chun tuairim neamhchlaonta a fháil maidir leis an mbealach chun cinn.
- Léiríodh go bhfuil imscrúdú airgeadais i gcásanna gáinneála ar dhruaí ríthábhachtach agus go háirithe calcadh, coigistiú agus aisghabháil sócmhainní, i bhfianaise a dtionchar ar ghrúpaí coireachta eagraithe. Moltar do pháirtithe ábhartha úsáid iomlán a bhaint as **Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní (AROnna), Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais (FIUnna)** agus líonraí eile. Tacaíonn Eurojust le cleachtóirí ag gach céim den imscrúdú airgeadais agus i gcur chun feidhme praiticiúil an **Rialacháin nua maidir le horduithe caltha agus coigistíochta** (Rialachán (AE) 2018/1805).
- Is gníomhaí tábhachtach é an **Gréasán Breithiúnach Eorpach um Chibearchoireacht (EJCN)** agus cuireann sé tacaíocht luachmhar ar fáil sa chomhrac i gcoinne na gáinneála ar dhruaí ar an idirlíon dorcha, ar ardáin fhíorúla nó trí uirlisí cumarsáide digití a úsáid. Ós rud é go n-éilítear eolas speisialta go minic leis na himscrúduithe sin, ní hamháin ar leibhéal fhorfheidhmiú an dlí, ach i measc údarás breithiúnach freisin, go háirithe i gcás trasteorann, **spreagann Eurojust cleachtóirí freisin dul i dteagmháil lena bpointí teagmhála náisiúnta EJCN** i gcásanna ábhartha.
- Moltar go láidir **foireann chomhpháirteach imscrúdaithe (JIT)** a bhunú i gcásanna oiriúnacha a bhaineann le gáinneáil ar dhruaí. Murab ionann is an inné fhorleathan, ní raibh sé níos simplí riamh ag údaráis bhreithiúnacha JIT a bhunú, mar **tairgeann Eurojust tacaíocht i ngach céim de JIT**, agus cúnamh á chur ar fáil aige maidir le JIT a chaibidliú, a dhréachtú, a chur ar bun, a riar agus a mhaoiniú.
- D'ainneoin gur éirigh go maith le **lárionaid chomhordúcháin** Eurojust (e.g. le linn laethanta comhghníomhaíochta dírithe ar ghabhálacha, cuardaigh agus urghabhálacha comhuaineacha agus comhordaithe), is cosúil go bhfuil drogall ar údaráis náisiúnta bhreithiúnacha a iarraidh go gcuirtear lárionaid chomhordúcháin ar bun i gcásanna gáinneála ar dhruaí. Dá bhrí sin, **iarrann Eurojust ar na húdaráis bhreithiúnacha agus molann sé dóibh níos mó úsáide a bhaint as an uirlis chumhachtach sin sa réimse coireachta seo.**
- Leis an **mbreisluach a bhaineann le tarchur luath chuig Eurojust** neartaítear ar deireadh an chuid idirnáisiúnta d'aon chás náisiúnta maidir le gáinneáil ar dhruaí. Dá bhrí sin, **molann Eurojust do na húdaráis a bhfuil baint acu le cásanna trasteorann gáinneála ar dhruaí** dul i dteagmháil lena gComhaltaí Náisiúnta faoi seach chun na féidearthachtaí atá ar fáil sa chás sonrach a phlé chomh luath agus is féidir.